**Cuntas Leithreasa 2017**

# Vóta 10

# An Coimisiún um Achomhairc Chánach

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chaiteachais an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair i leith caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €528,203 a ghéilleadh don Státchiste.

### Bunú an Choimisiúin

Síníodh An tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, lenar bunaíodh an Coimisiún um Achomharc Cánach (Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc roimhe seo), ina dhlí i mí na Nollag 2015. Shínigh an tAire Airgeadais na horduithe tosaigh ábhartha chun éifeacht a thabhairt do na forálacha reachtacha nua i mí Feabhra 2016. Tháinig feidhm leis an gCoimisiún um Achomharc Cánach agus leis an gcóras nua chun achomhairc chánach a phróiseáil i mí an Mhárta 2016. Tá creat rialachais nua-aimseartha á chur ar bun freisin i gcomhthráth leis na hathraithe reachtacha seo.

### Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Maidir leis na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta chun cuntais leithreasa a ghiniúint, mar atá leagtha amach ag Ciorclán 25 de 2017 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuireadh i bhfeidhm iad in ullmhú an chuntais.

### Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Coimisiún córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú go tráthúil.

***Timpeallacht um Rialú Airgeadais***

Braitheann an Coimisiún um Achomhairc Chánach cuid mhór ar na rialaithe a fheidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim, a sholáthraíonn feidhm íocaíochta agus seirbhís cuntasaíochta don Coimisiún. Ina leith seo, tugaim faoi deara an ráthaíocht a thugann Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le soláthar seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla.

Níor síníodh comhaontú athbhreithnithe seirbhíse idir an Coimisiún agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i 2017 ina leagtar amach freagrachtaí an dá pháirtí le haghaidh na nósanna imeachta uile riaracháin agus cuntasaíochta. Tugadh na nósanna imeachta reatha ar aghaidh ó 2016.

Ní raibh coiste iniúchóireachta ag an gCoimisiún um Achomhairc Chanach in 2017, ach go déanach i 2017 bhunaigh an Coimisiún grúpa iniúchóireachta ag feitheamh ar bhunú coiste iniúchóireachta agus riosca. Níor foráladh do rochtain an Choimisiúin ar Choiste Iniúchóireachta na gCoimisinéirí Ioncaim sa chomhaontú idir an Coimisiún agus na Coimisinéirí Ioncaim. Tuigim, áfach, dá n-iarrfainn rochtain ar an gCoiste Iniúchóireachta, go ndéanfaí é sin a éascú dom.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil, inár n-acmhainní teoranta, creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht ardbhainistíochta
- tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na tuarthaí a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil don lucht ardbhainistíochta le haghaidh athbhreithniú
- córais a dhíríonn ar shlándáil fheidhmchláir TFC na gCoimisinéirí Ioncaim a chinntiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha
- cinntíonn an Coimisiún go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht leis na treoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Níor chuimsigh an córas bainistíochta riosca a bhí ag na Coimisinéirí Ioncaim an Coimisiún um Achomhairc Chánach agus i 2017, ní raibh córas ar leith bainistíochta riosca ag an gCoimisiún, agus níor choinnigh sé clár riosca. Rinneadh dul chun cinn suntasach, áfach i dtreo polasaí agus clár bainistíochta riosca a fhorbairt, le cabhair ó shainchomhairleoirí 3ú páirtí. Táthar ag leanúint leis seo i 2018. Is é an riosca is suntasaí ná nach bhfuil na hacmhainní ag an gCoimisiún achomhairc a phróiseáil go cuí, ná chun aghaidh a thabhairt ar a ndualgais Státseirbhíse agus comhlíontachta. Ní rabhthas in ann foireann an Choimisiúin a shannadh do róil shonraithe a fhad is atá muid gann go mór ar fhoireann. Is é fírinne an scéal ná go bhféadann athrú teacht ar fhreagrachtaí agus ar dhualgais ó lá go lá, bunaithe ar riachtanais agus ar thosaíochtaí a thagann aníos. Mar gheall ar an neamhbhuaine i ndail le freagrachtaí daoine aonair, tá sé deacair feidhmeanna a shannadh i ndail le sainaithint riosca i gcásanna áirithe.

Mar chuid de chlár oibre athchóirithe atá ar bun chun an próiseas achomharc a fheabhsú agus a nuachóiriú, tá leasú á dhéanamh ar rialaithe inmheánacha ag teacht le dea-chleachtas sa tseirbhís phoiblí.

***Iniúchóireacht Inmheánach***

Deimhním go bhfuil comhaontú i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach leis na Coimisinéirí Ioncaim a chuireann rochtain ar fáil don Choimisiún ar fheidhm iniúchta inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim; ar iarratas déanfaidh an fheidhm comhairle a thabhairt don Choimisiún faoi chaighdeáin na roinne maidir le hiniúchadh inmheánach, cleachtais agus nósanna imeachta ginearálta maidir le hiniúchóireacht, agus forbairtí leanúnacha. Bhunaigh an Coimisiún feidhm iniúchóireachta inmheánaí le linn 2017, agus fostaíodh comhairleoirí chun na críocha seo. Sa dara leath de 2017, bhunaigh an Coimisiún chomh maith grúpa iniúchóireachta, chun tús a chur le tasc na hiniúchóireachta inmheánaí agus sainaithint rioscaí sa Choimisiún, chomh maith le tús a chur leis an obair chun coiste iniúchóireachta & riosca a bhunú. Tá srian ar obair an ghrúpa féin toisc go bhfuil ar na comhaltaí aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí laethúla éagsúla a thagann aníos laistigh den Oifig. Tá sé tugtha faoi deara ag an ngrúpa go bhfuil riosca suntasach roimh an gCoimisiún i ndáil le heasnaimh foirne agus go bhfuil riosca feidhmíochta fo-optamaí roimhe mar gheall ar an deacracht sin.

I 2017, ní dheachaigh an Coimisiún i gcomhairle le feidhm iniúchta inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim ná ní dhearna sí iarracht a gcuid comhairle a lorg.

***Comhlíontacht Soláthair***

Le linn 2017, ní dhearnadh doiciméadú ar sholáthar ar bhealach comhlíontach. Chiallaigh sé seo nach raibh sé ar fáil le haghaidh athbhreithniú ag iniúchóirí seachtracha. Creideann an Coimisiún, áfach, go ndearnadh an soláthar de réir na dtreoirlínte is fearr um sholáthar poiblí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

D’aithin an Coimisiún an gá le córas bainistíochta riosca a fhorbairt a shainaithníonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus chomh fada agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú. Tá an Foras Riaracháin fostaithe ag an gCoimisiún chun cabhrú leis an bhfeidhm riosca a fheabhsú agus chun oiliúint a chur ar an bhfoireann ar gach gné de seo. Rinneadh forbairt ar dhréachtpholasaí agus dréachtchlár sa dara leath de 2017, ach, mar gheall ar na hacmhainní teoranta atá againn, chomh maith leis an am agus an saineolas a theastaíonn le haghaidh an tasc thábhachtaigh seo, iarradh cabhair ó shainchomhairleoirí. Próiseas fadálach é seo féin agus táthar ag leanúint leis i 2018. Le forbairt na bpolasaithe agus na ról seo, agus easnamh foirne ann, laghdaítear go mór an t-am atá ar fail chun deileáil le croí-fheidhm an Choimisiúin i leith achomhairc chánach a réiteach.

Tá an dréachtchlár á chur in oiriúint i gcomhairle leis an bhForas Riaracháin chun go bhfreastalófar ar riachtanais. Bainfear úsáid as toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí chun leibhéil is fearr is féidir, i bhfianaise an tsrianta ar ár n-acmhainní.

Déanfaidh an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhartha a theastaíonn leis na rioscaí a mhaolú agus sainaithneoidh sé na réimsí ar chóir oibriú rialaithe a shannadh do bhaill foirne áirithe. Bunaithe ar an leibhéal reatha foirne, áfach, is cosúil go mbeidh sainaithint tosaíochta go mór i dtreis, i bhfianaise nach bhfuil a dhóthain foirne ag an gCoimisiún chun freagracht a ghlacadh as na rioscaí is cosúil a shainaithneofar.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhartha ceartaitheacha a chur i bhfeidhm go tráthúil. Sainaithníodh an príomhriosca, is é sin ár easnamh suntasach acmhainní, agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar an riosca seo agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú don Roinn Airgeadais agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an riosca seo a bhaineann le hacmhainní curtha ar a súile do na páirtithe uile ag an gCoimisiún agus tá a dhícheall déanta bearta éifeachtúlachta a chur ar bun a thugann aghaidh ar an méid is féidir linn, amhail na córais nua idirchaidrimh leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis an bpróiseas achomharc. Ag deireadh na bliana, mar chuid dár n-athbhreithniú ar an dul chun cinn go dtí seo, sainaithníodh go bhfuil géarghá le hathbhreithniú iomlán ar acmhainní, le reáchtáil ag sainchomhairleoirí. Chuir an Coimisiún tús leis an bpróiseas sin.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtúlacht an chórais do rialaithe inmheánaigh airgeadais, curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh an Choimisiúin le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an gcreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Deacrachtaí Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Aithníodh laige sna rialaithe inmheánacha airgeadais i ndáil le héilimh ragoibre a dhéanamh agus a íoc. Leis an bpolasaí nua a tugadh isteach i mí an Mheithimh 2017, tugadh aghaidh ar an laige seo, agus rialaítear sa pholasaí seo éilimh ragoibre a réamh-údarú agus a íoc, rud a thagann le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Cód Iompair na Státseirbhíse. Tá fiosrú leanúnach ar siúl faoi lathair i ndáil le ceisteanna bainteacha, rud a bhfuil tionchar suntasach aige ar acmhainní an Choimisiúin.

**Mark O'Mahony**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

19 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Coimisiún um Achomhairc Chánach agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Leordhóthanacht acmhainní***

Leagann an Oifigeach Cuntasaíochta ábhair imnithe maidir le leordhóthanacht achmhainní san Coimisiún um Achomhairc Chánach agus a dtíonchar ar an timpeallacht riala.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Éascú ar achomhairc chánach a éisteacht | 1,684 | 1,122 | 890 |
| | **Caiteachas comhlán** | **1,684** | **1,122** | **890** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **79** | **45** | **46** |
| | **Glanchaiteachas** | **1,605** | **1,077** | **844** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh le hais na glansuime fhéidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **528,203** | **596,480** |

**Mark O'Mahony**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

19 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 753 | 661 |
| Neamhphá | | 369 | 229 |
| **Caiteachas comhlán** | | **1,122** | **890** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **45** | **46** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,077** | **844** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (58) | | |
| Dímheas | 62 | | |
| | | 4 | (194) |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | — | | |
| Méadú ar stoc | (3) | | |
| | | (3) | (21) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,078** | **629** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 270 | 265 |
| **Glanchostas cláir** | | **1,348** | **894** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna iarbhír seo a leanas maidir le Vóta 10 a iompraíodh in áit eile.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim | 28 | 28 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 242 | 237 |
| | **270** | **265** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **204** | **208** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 371 | 383 |
| Réamhíocaíochtaí | | 36 | 41 |
| Ioncaim fabhraithe | | — | 4 |
| Stoic | 2.3 | 3 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **410** | **428** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 9 | 18 |
| Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim | | 340 | 271 |
| Glan-mhaoiniú Státchiste dlite | 2.4 | 31 | 112 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **380** | **401** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 30 | 27 |
| **Glansócmhainní** | | **234** | **235** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **234** | **235** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 235 | 20 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 1,605 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (528) | | |
| Vóta glan | | | 1,077 | 844 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 270 | 265 |
| Glanchostas chláir | 1 | | (1,348) | (894) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **234** | **235** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní comhlán** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 78 | 260 | 338 |
| Breiseanna | 7 | 51 | 58 |
| Aistrithe ó Vóta 9 | 3 | — | 3 |
| Aistrithe chuig Vóta 9 | — | (4) | (4) |
| Diúscairtí | (3) | — | (3) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 85 | 307 | 392 |
| **Dímheas carnach** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 63 | 67 | 130 |
| Dímheas don bhliain | 3 | 60 | 63 |
| Dímheas ar aistrithe ó Vóta 9 | 2 | — | 2 |
| Dímheas ar aistrithe chuig Vóta 9 | — | (4) | (4) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (3) | — | (3) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 65 | 123 | 188 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **20** | **184** | **204** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 15 | 193 | 208 |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 1 | — |
| Tomhaltáin TF | 2 | — |
| | **3** | **—** |

## 2.4 Glan-mhaoiniú Státchiste dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 528 | 596 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (497) | (484) |
| **Glan-mhaoiniú Státchiste dlite** | **31** | **112** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 371 | 383 |
| | 371 | 383 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim | (340) | (271) |
| | **31** | **112** |

## 2.5 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | — | 40 |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe le dlí | **—** | **40** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear leithdháileadh Vóta 10 go léir mar chaiteachas riaracháin. Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin agus achoimre ar na fáthanna d'athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 1,284 | 753 | 661 |
| ii | Taisteal agus cothú | 70 | 1 | 4 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 30 | 62 | 19 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 30 | 9 | 8 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 200 | 252 | 181 |
| vi | Costais áitribh oifige | 70 | 16 | 17 |
| vii | Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile | — | 29 | — |
| | | **1,684** | **1,122** | **890** |

**Athrúcháin shuntasacha**

*i* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €1,284,000, toradh: €753,000

Bhí an gannchaitheamh €531,000 ar thuarastal, pá agus liúntais ann mar gheall ar an earcú ar bhaill foirne bhreise a bhí níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis.

*ii* *Taisteal agus cothú*

Soláthar mheastacháin: €70,000, toradh: €1,000

Ba i mBaile Átha Cliath a reáchtáladh an chuid is mó de chásanna. Rinneadh foráil i meastachán 2017 ar mhéid áirithe taistil chuig ionaid timpeall na tíre i ndáil le cásanna a éisteacht.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €30,000, toradh: €62,000

Bhí an méadú €32,000 ar chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha ann mar gheall ar bhaill foirne nua a earcú, in éineacht le caiteachas ar acmhainní ar líne.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar mheastacháin: €30,000, toradh: €9,000

Bhí an laghdú €21,000 ar chaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide ann mar gheall ar an úsáid mhéadaithe as ríomhphost. Níor teastaíodh an leithdháileadh caiteachais a cuireadh ar leataobh leis an gcomhfhreagras méadaithe de réir an líon méadaithe achomharc a chur san áireamh.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar mheastacháin: €200,000 toradh: €252,000

Bhí an méadú €52,000 ar threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha ann mar gheall ar an bhforbairt leanúnach ar an infreastruchtúr TFC agus ar an gCóras Bainistithe Cásanna.

*vi* *Costais áitribh oifige*

Soláthar mheastacháin: €70,000, toradh: €16,000

Bhí an laghdú €54,000 ar chaiteachas ar chostais áitribh oifige ann mar gheall go raibh an t-earcú ar bhaill foirne bhreise níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, agus níor tharla an t-aistriú oifige.

*vii* *Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile*

Soláthar mheastacháin: €Náid, toradh: €29,000

Ní dhearnadh foráil le haghaidh sainchomhairleoireachta sna meastacháin. Caitheadh an caiteachas ar shainchomhairleoireacht ar sheirbhísí TF le haghaidh bainistiú ar an gcóras bainistíochta cásanna nua a thógáil, agus ar sheirbhísí cuntasaíochta.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 79 | 41 | 46 |
| 2 | Ilghnéitheach | — | 4 | — |
| | | **79** | **45** | **46** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí i gcabhair €34,000 níos lú ná an meastachán.

Tá na míniúcháin ar na hathrúcháin leagtha amach thíos:

*1 Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €79,000, toradh: €41,000

Bhí an t-easnamh €38,000 ann mar gheall go raibh an t-earcú ar bhaill foirne bhreise níos móille ná mar a bhíothas ag súil leis.

*2 Ilghnéitheach*

Soláthar mheastacháin: €Náid, toradh: €4,000

Bhí an méadú €4,000 ann mar gheall ar fhorchúiteamh ón Roinn Airgeadais i ndáil le caiteachas na bliana roimhe.

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | **13** | **7** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Turastail | 686 | 541 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | — | 4 |
| Ragobair | — | 65 |
| ÁSPC Fostóra | 67 | 51 |
| | **753** | **661** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó 2017 | Íocaíocht aonair is mó 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | — | — | — | 3,679 |
| Ragobair agus tinreamh breise | — | — | — | 65,411 |